

Forbairtí eacnamaíocha, airgeadais agus airgeadaíochta

Forbhreathnú

Ag a cruinniú ar an 19 Márta 2026, chinn an Chomhairle Rialaithe gan aon athrú a dhéanamh ar na trí eochair-ráta úis de chuid BCE. Tá rún daingean aici a chinntiú go bhfanfaidh an boilsciú cobhsaí ag sprioc 2% sa mheántearma. Tá an t-ionchas i bhfad níos éiginnte anois mar gheall ar an gcogadh sa Mheánoirthear, rud atá ag cruthú rioscaí ar an taobh thuas don bhoilsciú agus rioscaí ar an taobh thíos don fhás eacnamaíoch. Beidh tionchar ábhartha aige ar an mboilsciú gearrthéarmach trí phraghsanna fuinnimh níos airde. Beidh impleachtaí meántéarmacha an chogaidh ag brath ar dhéine agus ar fhad na coimhlinte agus ar an difear a dhéanann praghsanna fuinnimh do phraghsanna tomhaltóirí agus don gheilleagar.

Tá an Chomhairle Rialaithe in áit mhaith le dul i ngleic leis an éiginnteacht sin. Tá an boilsciú thart ar sprioc 2%, tá ionchais maidir le boilsciú níos fadtéarmaí daingnithe go maith, agus tá athléimneacht le feiceáil sa gheilleagar sna ráithí is déanaí. Leis an bhfaisnéis atá le teacht sa tréimhse amach romhainn, cuideofar leis an gComhairle Rialaithe measúnú a dhéanamh ar an gcaoi a gcuirfidh an cogadh isteach ar an ionchas boilscithe agus na rioscaí a bhaineann leis. Tá an Chomhairle Rialaithe ag déanamh faireachán géar ar chúrsaí agus, lena cur chuige ag brath ar shonraí, cuideofar léi an beartas airgeadaíochta a chur i bhfeidhm de réir mar is cuí.

Sna meastacháin mhaicreacnamaíocha don limistéar euro ó fhoireann BCE i mí an Mhárta 2026, áirítear, ar bhonn eisceachtúil, faisnéis suas go dtí an 11 Márta, scoithdháta níos déanaí ná mar is gnách. De réir na bonnlíne, síltear go mbeidh boilsciú foriomlán 2.6% ar an meán ann in 2026, 2.0% in 2027 agus 2.1% in 2028. Tá athbhreithniú aníos déanta ar an mboilsciú, go háirithe do 2026, i gcomparáid leis na réamh-mheastacháin don limistéar euro ó fhoireann an Eurochórais i mí na Nollag 2025. Is amhlaidh atá toisc go mbeidh praghsanna fuinnimh níos airde ann mar gheall ar an gcogadh sa Mheánoirthear. Réamh-mheasann an fhoireann go mbeidh boilsciú, gan fuinneamh agus bia san áireamh, comhionann ar an meán le 2.3% in 2026, 2.2% in 2027 agus le 2.1% in 2028. Tá sé sin níos airde freisin ná an chonair a chonacthas i réamh-mheastacháin mhí na Nollag, rud atá inchurtha go príomha do phraghsanna fuinnimh níos airde ag cur leis an mboilsciú gan fuinneamh agus bia san áireamh. Síleann an fhoireann go mbeidh fás eacnamaíoch 0.9% ar an meán ann in 2026, 1.3% in 2027 agus 1.4% in 2028. Tugtar athbhreithniú anuas le fios leis seo, go háirithe do 2026, rud a léiríonn éifeachtaí domhanda an chogaidh ar mhargaí tráchtarraí, ar fhíorioncaim agus ar mhuintir. Ag an am céanna, ba cheart go leanfadh dífhostaíocht íseal, cláir chomhardaithe láidre na hearnála príobháidí, agus caiteachas poiblí ar chosaint agus ar bhonneagar, de bheith mar bhonn taca leis an bhfás.

I gcomhréir leis an tiomantas straitéise beartais airgeadaíochta atá ag an gComhairle Rialaithe chun rioscaí agus éiginnteacht a chur san áireamh ina próiseas cinnteoireachta, rinne an fhoireann measúnú freisin ar an gcaoi ina bhféadfadh an cogadh sa Mheánoirthear cur isteach ar an bhfás eacnamaíoch agus ar an mboilsciú i gcásanna léiritheacha malartacha. Áirítear na cásanna sin i réamh-mheastacháin mhí an Mháirta atá ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais Eorpaigh. Tugann anailís ar chásanna le fios go mbeadh boilsciú os cionn na réamh-mheastachán bonnlíne, agus fás faoina mbun, mar thoradh ar shuaitheadh fadtréimhseach ar an soláthar ola agus gáis. Braitheann na himpleachtaí don bhoilsciú meántéarmach go mór ar mhéid na n-éifeachtaí indéacha a eascraíonn as suaitheadh fuinnimh níos láidre agus níos seasmhaí.

Leanfaidh an Chomhairle Rialaithe de chur chuige a bheidh ag brath ar shonraí agus ar bhonn cruinníú ar chruinníú a leanúint chun seasamh iomchuí an bheartais airgeadaíochta a chinneadh. Go háirithe, beidh a cinntí i dtaobh rátaí úis bunaithe ar a measúnú ar an ionchas boilsithe agus na rioscaí a bhaineann leis i bhfianaise na sonraí nua eacnamaíocha agus airgeadais, mar aon leis na dinimicí maidir le boilsciú foluiteach, agus neart an tarchuir beartais airgeadaíochta. Ní chuirfidh an Chomhairle Rialaithe réamhcheangal uirthi féin conair ar leith a leanúint i leith rátaí.

Gníomhaíocht eacnamaíoch

Tháinig fás 0.2% ar an ngeilleagar sa cheathrú ráithe de 2025, rud a bhí á speagadh ag éileamh intíre níos láidre. Mhéadaigh teaghlaigh a gcaiteachas de réir mar a bhí fíorioncaim ag ardú agus de réir mar a bhí an difhostaíocht gar don leibhéal ab ísle riamh. Tháinig neartú ar thógáil agus ar athchóiriú tithíochta agus bhí tuilleadh infheistíochta á déanamh ag gnólachtaí, go háirithe i réimsí amhail taighde agus forbairt, bogearraí agus bunachair sonraí. Ní raibh glanonnmhairí ag cur isteach a thuilleadh ar an bhfás mar a bhí sa dá ráithe roimhe sin. Bhí seirbhísí mar bhonn taca faoi sin den chuid is mó.

Dar leis an bhfoireann go mbeidh tomhaltas príobháideach ina phríomhspreagadh an fháis thar an meántearma. Ba cheart go leanfadh infheistíocht de bheith ag fás freisin, sa mhéid go mbeidh níos mó airgid á chaitheamh ag rialtais ar chosaint agus ar bhonneagar, agus tuilleadh infheistíochta á déanamh ag gnólachtaí i dteicneolaíochtaí digiteacha nua. Tá an timpeallacht sheachtrach dúshlánach i gcónaí, lena n-áirítear i bhfianaise beartais luaineacha trádála dhomhanda.

Tá margaí tráchtearraí á saobhadh ag an gcogadh sa Mheánoirthear agus tá an cogadh sin ag cur isteach ar fhíorioncaim agus ar mhúinín freisin. Mar thoradh air sin, tá athbhreithniú anuas déanta ar thomhaltas agus infheistíocht sna réamh-mheastacháin bhonnlíne ón bhfoireann, go háirithe do 2026. Sna réamh-mheastacháin bhonnlíne, tuarar go mbeidh fás bliantúil 5.4% ar fhíor-OTI in 2021, 0.9% in 2026, 1.3% in 2027 agus 1.4% in 2028. I gcomparáid leis na réamh-mheastacháin ó mhí na Nollag 2025, tá athbhreithniú 0.3 pointe céatadán anuas déanta ar fhás OTI do 2026 agus 0.1 pointe céatadán do 2027, mar thoradh ar an gcogadh atá ag dul in olcas sa Mheánoirthear, fad nach bhfuil aon athrú air do 2028.

Bheadh an iarmhairt sin níos treise i gcásanna malartacha, áit a mbeadh turraing fuinnimh níos géire agus níos faide ann.

Tá na réamh-mheastacháin bhonnlíne ón bhfoireann bunaithe ar chonairí praghsanna todhchaíochtaí fuinnimh tráth an scoithdháta, is é sin an 11 Márta 2026. Dá réir sin, tuartar borradh faoin mboilsciú sna réamh-mheastacháin bhonnlíne, rud a mhaolódh cumhacht cheannaigh, caiteachas tomhaltóirí agus, dá bhrí sin, fás OTI, go háirithe sa ghearrthéarma. Ar choinníoll go mbeidh laghdú sách tapa ar phraghsanna fuinnimh, mar atá curtha san áireamh ag margatí todhchaíochtaí tráchtearraí fuinnimh, agus i gcás na héiginnteachta, meastar gur moilliú sealadach a bheidh sa mhoilliú seo. Thar an meántéarma, ba cheart go mbeadh an t-éileamh intíre ina phríomhspreagadh an fháis sa limistéar euro i gcónaí, agus beidh sé á neartú ag margadh saothar athléimneach agus caiteachas rialtas ar bhonneagar agus ar chosaint, go háirithe sa Ghearmáin. Ar an taobh seachtrach, cé go meastar go neartóidh an fás ar onnmhairí de dhroim éileamh feabhsaithe eachtrach, is dócha go mbeidh cailiteanas leanúnach sciar margaidh dhomhanda i gceist sa limistéar euro, i bhfianaise dúshlán leanúnacha iomaíochais, lena n-áirítear roinnt dúshlán atá de chineál struchtúrach. Is amhlaidh atá d'ainneoin go bhfuil taraifí ar onnmhairí chuig na Stáit Aontaithe beagán níos ísle ná mar a bhí siad tráth réamh-mheastacháin mhí na Nollag 2025.

Leag an Chomhairle Rialaithe béim ar a phráinní atá sé geilleagar an limistéir euro a neartú agus airgeadas poiblí fóna a chothabháil ag an am céanna. Maidir le haon fhreagairtí fioscacha don suaitheadh praghsanna fuinnimh, ba cheart go mbeidís sealadach, spriocdhírthe agus saincheaptha. Leis an ngéarchéim fuinnimh atá ann faoi láthair, leagtar béim ar a riachtanaí atá sé an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú tuilleadh. Tá sé ríthábhachtach an t-aontas coigiltis agus infheistíochta a thabhairt chun críche chun an nuálaíocht a chistiú agus chun tacú leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach. Leis an euro digiteach agus airgead téacschomharthaíthe mórdhíola bainc ceannais, cuirfear feabhas ar neamhspleáchas straitéiseach, iomaíochas agus comhtháthú airgeadais na hEorpa, agus cuirfear borradh faoin nuálaíocht in íocaíochtaí. Tá sé riachtanach, mar sin, go ndéanfar an Rialachán maidir le bunú an euro digiteach a ghlacadh go mear. Trí rialacha a shimpliú agus a chomhchuíbhíú ar fud Mhargadh Aonair AE, cuideofar le gnólachtaí Eorpacha fás ar bhonn níos tapúla.

Boilsciú

Tháinig méadú ar bhoilsciú bliantúil sa limistéar euro, arna thomhas ag an Innéacs Comhchuíbhithe ar Phraghsanna do Thomhaltóirí (HICP), go dtí 1.9% i mí Feabhra, aníos ó 1.7% i mí Eanáir. Bhí praghsanna fuinnimh 3.1% níos ísle ná mar a bhí i mí Feabhra na bliana roimhe sin, tar éis dóibh a bheith 4% níos ísle i mí Eanáir 2026. Tháinig laghdú ar bhoilsciú ar phraghsanna bia go 2.5%. I gcodarsnacht leis sin, tháinig méadú ar bhoilsciú gan fuinneamh agus bia san áireamh go 2.4% i mí Feabhra, aníos ó 2.2% i mí Eanáir. Freagraíonn an méadú don ardú atá tagtha ar bhoilsciú earraí go 0.7% ó 0.4% agus ar bhoilsciú seirbhísí go 3.4% ó 3.2%

Is beag athrú atá tagtha ar tháscairí an bhoilscithe fholuitigh le roinnt míonna anuas agus tá siad fós comhsheasmhach le sprioc mheántéarmach na Comhairle Rialaithe, arb ionann í agus 2%. Tháinig téarnamh breise ar bhrabúis chorparáideacha sa cheathrú ráithe de 2025, fad a tháinig méadú ar chostais aonad saothair de réir ráta a bhí comhchosúil leis an ráithe roimhe sin. Tháinig moilliú ar an bhfás ar chúiteamh in aghaidh an fhostaí go 3.7% ó 4.0% sa tríú ráithe. Le fás pá idirbheartaithe agus táscairí réamhbhreathnaitheacha, amhail rianaire pá BCE agus torthaí suirbhéanna ar ionchais phá, tugtar le fios go dtiocfaidh maolú ar chostais saothair le linn 2026, agus ba cheart go dtacódh sé sin le filleadh an bhoilscithe ar an sprioc.

Leis an méadú ar phraghsanna fuinnimh de thoradh an chogaidh sa Mheánoirthear, cuirfear brú aníos ar bhoilsciú os cionn 2% sa ghearrthéarma. Go háirithe, meastar go dtiocfaidh méadú géar ar bhoilsciú go 3.1% sa dara ráithe de 2026, rud a bheidh á spreagadh ag borradh faoi bhoilsciú fuinnimh de thoradh an chogaidh, agus ansin go laghdóidh sé arís sa tríú ráithe go 2.8% tar éis laghduithe ar phraghsanna tráchtarraí mar atá leabaithe i bpraghsanna todhchaíochtaí. Sna réamh-mheastacháin bhonnlíne, tuartar go mbeidh boilsciú fuinnimh diúltach ann in 2027, rud atá inchurtha go príomha d'éifeachtaí boinn fuinnimh anuas, agus ansin go dtiocfaidh méadú suntasach air in 2028 nuair a mheastar go mbeidh iarmhairt 0.2 pointe céatadáin aníos ar bhoilsciú príomha le cur chun feidhme Chóras Trádála Astaíochtaí 2 AE (ETS2). Meastar go dtiocfaidh méadú ar an mboilsciú bia ó dheireadh 2026 ar aghaidh, de réir mar a bheidh brúnna costais ón méadú ar phraghsanna fuinnimh á gcur ar aghaidh chuig praghsanna bia do thomhaltóirí, sula dtiocfaidh maolú air in 2028. Meastar go maolóidh boilsciú TCPT gan fuinneamh agus bia san áireamh (TCPTX) ó 2.4% in 2025 go 2.1% in 2028. Cé go ndéantar difear do bhoilsciú TCPTX freisin le brúnna costais a eascraíonn as praghsanna fuinnimh níos airde, meastar go maolaítear é seo le maolú áirithe ar bhrúnna costas saothar, leis an luachmheadú roimhe seo ar an euro agus le dul i bhfód onnmhairí ón tSín. Tríd is tríd, tuartar sna réamh-mheastacháin bhonnlíne, go méadóidh boilsciú TCPT ó 2.1% in 2025 go 2.6% in 2026, sula laghdóidh sé go 2.0% in 2027 agus rachaidh sé in airde beagán go 2.1% in 2028. Maolóidh fás pá sna blianta atá le teacht, ach ar luas níos moille ná mar a tuaradh sna réamh-mheastacháin roimhe seo de thoradh roinnt éifeachtaí cúitimh boilscithe a bhaineann leis an turraing praghsanna fuinnimh. I gcomparáid leis na réamh-mheastacháin ó mhí na Nollag 2025, tá athbhreithniú 0.7 pointe céatadáin aníos déanta ar an ionchas do bhoilsciú príomha TCPT do 2026, rud atá inchurtha go príomha don ghné fuinnimh. Tá athbhreithniú 0.2 pointe céatadáin aníos déanta air do 2027 agus 0.1 pointe céatadáin do 2028 de réir mar a bheidh brúnna costais arna n-eascairt as praghsanna fuinnimh níos airde á gcur ar aghaidh chuig TCPTX agus chuig na gnéithe bia, fad atá athbhreithniú beagán anuas déanta ar an ngné fuinnimh. Bheadh na hathbhreithnithe aníos ar bhoilsciú níos treise fós i gcásanna malartacha, áit a mbeadh suaitheadh fuinnimh níos géire agus níos faide i gceist.

Más rud é go mbeidh praghsanna níos airde fuinnimh i gceist ar bhonn níos seasmhaí, d'fhéadfadh go mbeadh méadú níos leithne ar bhoilsciú trí bhíthin iarmhairtí indíreacha, agus níor mhór faireachán géar a dhéanamh ar staid mar sin. Go dtí seo, cé go bhfuil méadú suntasach tagtha ar ionchais boilscithe sna margai airgeadais thar thréimhsí níos giorra, is ionann formhór na dtomhas maidir le

hionchais bhoilscithe níos fadtéarmaí agus tuairim is 2%, rud a thacóidh le cobhsú an bhoilscithe go dtí thart ar sprioc na Comhairle Rialaithe.

Measúnú riosca

Is rioscaí ar an taobh thíos iad na rioscaí don ionchas fáis, go háirithe sa ghearrthéarma. Is riosca ar an taobh thíos don limistéar euro é an cogadh sa Mheánoirthear, rud a chuireann leis an timpeallacht luaineach beartas domhanda. Dá mbeadh cogadh fada ann, d'fhéadfadh go n-ardódh praghsanna fuinnimh arís go feadh tréimhse níos faide ná mar atáthar ag súil leis faoi láthair, agus d'fhéadfaí cur isteach ar mhuintín freisin. Mar gheall ar na tosca seo, bheadh meathlú ar ioncain agus bheadh drogall ar ghnólachtaí agus ar theaghligh infheistíocht a dhéanamh nó airgead a chaitheamh. D'fhéadfadh go mbeadh tuilleadh maolaithe ar an éileamh dá rachadh meon an mhargaidh airgeadais dhomhanda in olcas. D'fhéadfadh aimhréireachtaí breise sa trádáil idirnáisiúnta cur isteach ar shlabhraí soláthair, onnmhairí a laghdú agus tomhaltas agus infheistíocht a lagú. Is údar mór éiginnteachta i gcónaí iad teannais gheopholaitiúla eile, amhail cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. I gcodarsnacht leis sin, d'fhéadfadh fás níos airde a bheith ann i gcás ina mbeadh iarmhairtí eacnamaíocha an chogaidh sa Mheánoirthear níos gearrthéarmaí ná mar a atáthar ag súil leis faoi láthair. Thairis sin, leis an gcaiteachas atá beartaithe ar chosaint agus ar bhonneagar, leis na hathchóirithe chun táirgiúlacht a fheabhsú agus le glacadh teicneolaíochtaí nua ag gnólachtaí sa limistéar euro, d'fhéadfadh go mbeadh méadú níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis ar an bhfás. Le comhaontuithe trádála nua agus comhtháthú níos doimhne an Mhargaidh Aonair, d'fhéadfadh go mbeadh borradh faoin bhfás freisin thar na hionchais atá ann faoi láthair.

Is rioscaí ar an taobh thuas iad na rioscaí a bhaineann le boilsciú, go háirithe sa ghearrthéarma. D'fhéadfadh go mbeadh de thoradh ar chogadh fada sa Mheánoirthear athrú níos airde agus níos fadtéarmaí aníos ar phraghsanna fuinnimh ná mar atáthar ag súil leis faoi láthair, rud a mhéadóidh an boilsciú sa limistéar euro tuilleadh. D'fhéadfadh go n-éireodh sé sin níos treise agus níos seasmhaí dá mbeadh méadú ar ionchais bhoilscithe agus ar fhás pá de fhreagairt air, dá mbeadh iarmhairt níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis sa chás bonnlíne ar bhoilsciú neamhfuinnimh ag an méadú ar phraghsanna fuinnimh, nó dá gcuirfeadh an cogadh isteach ar shlabhraí soláthair domhanda ar bhonn níos leithne. Ina theannta sin, d'fhéadfadh go mbeadh slabhraí soláthair domhanda níos ilroinnte, laghdú ar amhábhair chriticiúla agus géarú ar shrianta acmhainneachta i ngeilleagar an limistéir euro de thoradh teannais leanúnacha trádála. I gcodarsnacht leis sin, d'fhéadfadh go mbeadh boilsciú níos ísle ann i gcás nach mairfeadh iarmhairtí eacnamaíocha an chogaidh sa Mheánoirthear rófhada nó i gcás nach mbeadh na héifeachtaí indíreacha chomh suntasach agus atáthar ag súil leis faoi láthair. D'fhéadfadh go mbeadh boilsciú níos ísle ann freisin i gcás ina mbeadh laghdú ar éileamh ar onnmhairí an limistéir euro go feadh méid níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis de thoradh taraifí agus i gcás ina mbeadh méadú ar onnmhairí chuig an limistéar euro ó thíortha a bhfuil ró-acmhainneacht acu. D'fhéadfadh go gcuirfeadh

margaí airgeadais atá níos luainí agus níos drogallaí roimh rioscaí isteach ar éileamh agus, dá bhrí sin, go laghdóidís boilsciú freisin.

Dálaí airgeadais agus airgeadaíochta

Tá iarmhairt shuntasach ag an gcogadh sa Mheánoirthear ar mhargaí airgeadais domhanda. Tá géarú tagtha ar dhálaí airgeadais i gcoitinne ó thráth chruinniú deireanach na Comhairle Rialaithe maidir le beartas airgeadaíochta ar an 5 Feabhra 2026 i leith. Tá na stocmhargaí tar éis titim agus tá rátaí úis an mhargaidh sa limistéar euro, go háirithe rátaí gearrthéarmacha, méadaithe go suntasach.

I mí Eanáir, b'ionann agus 3.6% rátaí iasachtaithe na mbanc do ghnólachtaí agus an costas a bhain le fiachas margadhbhunaithe a eisiúint, fad a tháinig méadú beag ar an meánráta úis ar mhorgáistí nua go 3.4%. Tháinig méadú 2.8% ar bhonn bliantúil ar iasachtú na mbanc do ghnólachtaí i mí Eanáir, anuas ó 3.0% i mí na Nollag 2025. Rinneadh é sin a fhritháireamh, áfach, le heisiúint níos láidre bannaí corparáideacha, sa mhéid gur mhéadaigh an ráta fáis bliantúil go 4.0% ó 3.5% i mí na Nollag. Tháinig méadú 3.0% ar iasachtú morgáiste, gan athrú ó mhí na Nollag.

Cinntí beartais airgeadaíochta

Coinníodh gan athrú na rátaí úis ar an tsaoráid taisce, ar na príomhoibríochtaí athmhaoinithe agus ar an tsaoráid iasachta imeallach ag 2.00%, 2.15% agus 2.40% faoi seach.

Tá punann an chláir ceannaithe sócmhainní agus an chláir ceannaigh le haghaidh éigeandáil na paindéime ag laghdú ag ráta tomhaiste intuartha, toisc nach ndéanann an tEurochóras na híocaíochtaí príomhshuime ar fad ó urrúis atá ag teacht in aibíocht a athinfheistiú a thuilleadh.

Conclúid

Ag a cruinniú ar an 19 Márta 2026, chinn an Chomhairle Rialaithe gan aon athrú a dhéanamh ar na trí eochair-ráta úis de chuid BCE. Tá rún daingean aici a chinntiú go gcobhsóidh boilsciú ag a sprioc de 2% sa mheántearma. Leanfaidh sí cur chuige atá ag brath ar shonraí agus cur chuige cruinniú ar chruinniú chun seasamh iomchuí an bheartais airgeadaíochta a chinneadh. Beidh cinntí na Comhairle Rialaithe i dtaobh rátaí úis bunaithe ar a measúnú ar an ionchas boilscithe agus ar na rioscaí a bhaineann leis i bhfianaise na sonraí nua eacnamaíochta agus airgeadais, na ndinimicí maidir le boilsciú foluiteach, agus neart an tarchuir beartais airgeadaíochta. Ní chuirfidh an Chomhairle Rialaithe réamhcheangal uirthi féin conair ar leith a leanúint i leith rátaí.

I gcás ar bith, tá an Chomhairle Rialaithe réidh lena hionstraimí uile a choigeartú laistigh dá sainordú chun a chinntiú go gcobhsóidh boilsciú ag a sprioc

mheántéarmach ar bhonn inmharthana agus chun tarchur rianúil beartais airgeadaíochta a chosaint.

